## Mír 5: Strategy Plean Gníomhaíochta maidir le Straitéis Imeasctha Imirceach Liatroma 2023-2027

Rinneadh an Plean Gníomhaíochta seo a mhapáil leis an Straitéis Náisiúnta Imeasctha Imirceach (SNII) chun comhlántacht a chinntiú.

| SPRIOC 1: Cur le Scileanna Teanga agus Cumarsáide na n-imirceach trí rochtain fheabhsaithe ar oiliúint an Bhéarla a chur ar fáil. | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh na Ghnímh.** | **Gníomh** | **Toradh (torthaí) a bhfuiltear ag súil leis (leo)** | **Achar ama** | **Príomhghníomhaireacht(aí) féideartha** | **Gníomhaireacht(aí) comhpháirtíochta féideartha** |
| 1.1 | Réimse níos leithne/agus ranganna níos airde a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo fostaíocht a lorg nó dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid oibre. Cuirfear na ranganna ar fáil i gcomhar le fostóirí agus in áiteanna inrochtana a fhóireann d'imircigh. | Rátaí íocaíochta níos airde don lucht saothair; caighdeán saoil feabhsaithe do theaghlaigh na n-imirceach. | 2023 ar aghaidh | Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMESL) | Foireann Imeasctha Chomhairle Chontae Liatroma, Comhlacht Forbartha Liatroma. |
| 1.2 | Bearnaí i mbunsoláthar comhrá sa Bhéarla (mar shampla Cláir Fáilte Isteach) d'imircigh i gCo. Liatroma a aithint agus a chur in iúl, agus aghaidh a thabhairt orthu. Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag cur acmhainní ar fáil do na seirbhísí atá i bhfeidhm faoi láthair sa chontae. Úsáid spriocdhírithe ar ranganna Béarla a chur chun cinn i measc pobail imirceacha éagsúla. | Méadú ar sholáthar fhoghlama inrochtana an Bhéarla. | 2023 ar aghaidh | Comhlacht Forbartha Liatroma | Ionad d'Obair Dheonach Liatroim, BOO MESL, Seirbhís Leabharlainne Liatroma, Clár Fáilte Isteach do Dhaoine Scothaosta in Éirinn. |

| SPRIOC 2: Rochtain Fheabhsaithe ar Sheirbhísí Poiblí, ar Chúram Sláinte, ar Thithíocht agus ar Iompar | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh na Ghnímh.** | **Gníomh** | **Toradh (torthaí) a bhfuiltear ag súil leis (leo)** | **Achar ama** | **Príomhghníomhaireacht(aí) féideartha** | **Gníomhaireacht(aí) comhpháirtíochta féideartha** |
| 2.1 | Soláthraíonn gníomhaireachtaí oiliúint ar fheasacht chultúrtha, ar chomhionannas agus ar ilchineálacht do sholáthraithe seirbhísí agus d'fhoirne soláthraí seirbhísí poiblí agus é mar aidhm acu rochtain ar sheirbhísí poiblí d'imircigh a fheabhsú. | Forbraíodh agus soláthraíodh clár oiliúna ar fheasacht chultúrtha, ar chomhionannas & ar ilchineálacht | Soláthrófar 2 chlár oiliúna in aghaidh na bliana ag tosú in 2023 | Comhairle Chontae Liatroma<br><br>(Treoraíonn an phríomhghníomhaireacht Fóram Imeasctha Pobail Liatroma lena chinntiú go gcuirfidh gníomhaireachtaí eile é seo i bhfeidhm) | Gach ball d'Fhóram Imeasctha Phobail Liatroma |
| 2.2 | Fóram Imeasctha Pobail Liatroma a chur ar bun agus a fhorbairt chun cumas Imirceach dul i ngleic le soláthar agus le fáil seirbhísí poiblí & pobail. | Feabhas ar rannpháirtíocht le soláthraithe seirbhísí. Meán rannpháirtíochta curtha ar bun. | Curtha ar bun in 2023 | Comhairle Chontae Liatroma | CFL, MSLETB, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Seirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Tusla, Nasc áitiúil Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Liatroma |
| 2.3 | Pacáiste treoshuímh agus ionduchtaithe a sholáthar d'imircigh nua a thagann go Co. Liatroma. Déan an t-eolas seo a fhorbairt agus a | Pacáiste treoshuímh forbartha agus cothabháil déanta air | Ullmhaithe in 2023 | Comhlacht Forbartha Liatroma | Seirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Liatroim |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | chothabháil agus é a chur ar fáil i roinnt teangacha. | | | | |
| 2.4 | Leanúint ar aghaidh le conairí chuig cúram sláinte a chothabháil agus a fhorbairt | Feabhas ar chonairí go cúram sláinte. | 2023 ar aghaidh | Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte | Comhlacht Forbartha Liatroma |
| 2.5 | Eolas spriocdhírithe a sholáthar don phobal imirceach maidir le cearta agus teidil dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn. | Eolas spriocdhírithe forbartha | 2023 ar aghaidh | An tIonad um Fhaisnéis do Shaoránaigh | CFL, RCS, FSS |
| 2.6 | Soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí abhcóideachta atá ann cheana féin a chothabháil agus a fhorbairt d'imircigh leochaileacha (amhail iarrthóirí tearmainn, íospartaigh foréigin/céasta ar bhonn inscne, tuismitheoirí singil & daoine ar easpa Béarla.) | Seirbhísí abhcóideachta forbartha. | 2023 ar aghaidh | An tIonad um Fhaisnéis do Shaoránaigh | Baill d'Fhóram Imeasctha Phobail Liatroma |
| 2.7 | Rannpháirtíocht agus cumarsáid idir sholáthraithe cóiríochta agus an daonra Imirceach maidir le coinníollacha maireachtála sa chontae a fheabhsú | Córas forbartha chun rannpháirtíocht & cumarsáid a fheabhsú maidir le saincheisteanna córasacha athfhillteacha a aithníodh le coinníollacha maireachtála sa chontae. | 2023 ar aghaidh | Comhlacht Forbartha Liatroma | Comhairle Chontae Liatroma (Ranna Tithíochta agus Pobail) |
| 2.8 | Tacú le hÚcránaigh easáitithe rochtain a fháil ar chóiríocht, oideachas, fostaíocht, | Rochtain ar sheirbhísí feabhsaithe | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | Baill d'Fhóram Imeasctha Phobail Liatroma |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | seirbhísí sláinte agus leasa trí naisc le seirbhísí agus tacaíochtaí atá ann cheana féin chomh maith le cur isteach ar acmhainní breise áit a bhfuil bearnaí ann. | | | | |

**SPRIOC 3: Deiseanna a sholáthar chun plé leis an bpobal níos leithne.**

| Uimh na Ghnímh. | Gníomh | Toradh (torthaí) a bhfuiltear ag súil leis (leo) | Achar ama | Príomhghníomhaireacht(aí) féideartha | Gníomhaireacht(aí) comhpháirtíochta féideartha |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Lá Idirchultúrtha a reáchtáil in aghaidh na bliana ar fud an chontae le grúpaí tacaíochta imirceach, agus pobail agus scoileanna a spreagadh le feasacht ar imeascadh, ilchineálacht agus idirchultúrachas a chur chun cinn. | Imeacht idirchultúrtha reáchtáilte | Le tosú in 2024 | Comhlacht Forbartha Liatroma | BOOMESL, Scoileanna sa chontae |
| 3.2 | Tionscadail a fhorbairt le grúpaí pobail áitiúla chun saibhreas cultúir na n-imirceach a cheiliúradh, chun imeascadh a chur chun cinn agus chun tacú le soláthar clár chun dul i ngleic le ciníochas. | Feachtas chun dul i ngleic le ciníochas curtha i bhfeidhm | Le tosú in 2023 | Comhlacht Forbartha Liatroma | Oifig Ealaíne Liatroma |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.3 | Oibriú leis na meáin áitiúla chun 'dea-scéalta' agus tuairisciú dearfach ar imircigh agus iarrthóirí tearmainn a bhfuil ról réamhghníomhach acu sa tsochaí a chur chun cinn. | Scéal nuachta foilsithe in aghaidh na bliana | Le tosú in 2023 | Comhlacht Forbartha Liatroma | Fóram Imeasctha Phobail Liatroma |
| 3.4 | Féachaint ar bhealach réamhghníomhach chun imircigh óga a mhealladh le bheith páirteach le heagraíochtaí óige-bhunaithe. | Méadú ar rannpháirtíocht imircigh óga in eagraíochta óige-bhunaithe. | Le tosú in 2023 | CSLD Shligigh Liatroma | Foróige, Seirbhísí Óige agus Pobail Chonnachta ó Thuaidh, Obair Óige Éireann |
| 3.5 | Féachaint ar bhealach réamhghníomhach chun imircigh óga a mhealladh le bheith páirteach in eagraíochtaí agus clubanna spóirt | Méadú ar reannpháirtíocht Imircigh óga in eagraíochtaí agus clubanna spóirt | Le tosú in 2023 | Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma | CLG, CPÉ, Clubanna Spóirt |
| 3.6 | Rannpháirtíocht imircigh in obair dheonach a spreagadh trí fheachtais spriocdhírithe a chuireann béim ar na buntaistí d'imircigh a bhaineann léi | Méadú ar rannpháirtíocht imircigh sa tsochaí cathartha | Le tosú in 2023 | Ionad d'Obair Dheonach, Liatroim | CFL, LRP Liatroma |
| 3.7 | Tógáil ar chumas ghrúpa pobail Liatroma Idirnáisiúnta agus Fhóram Idirchultúrtha Liatroma rannpháirtíocht imirceach sa chinnteoireacht a mhéadú | Méadú ar rannpháirtíocht imircigh i mbeartais a théann i bhfeidhm ar struchtúir amhail an LRP | Le tosú in 2024 | Comhlacht Forbartha Liatroma | LRP Liatroma |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.8 | Imeascadh agus ionchuimsiú a spreagadh in imeachtaí agus i ngníomhachtaí chláir chultúrtha agus grúpaí áitiúla a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh | Imeachtaí idirchultúrtha reáchtáilte | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | Comhlacht Forbartha Liatroma, PRL, CSLD, Ionad Saorálaithe Liatroma |
| 3.9 | Imeascadh in imeachtaí spóirt a spreagadh trí idirghabháil le pobal áitiúil agus pobal nach pobal Éireannach iad le bheith páirteach in imeachtaí ceantar-bhunaithe. | Imeacht idirchultúrtha reáchtáilte | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma, CPÉ, Liatroim Sláintiúil |
| 3.10 | Oibriú le Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma agus le grúpaí tacaíochta nach grúpaí Éireannacha iad le fáil amach cad iad na spóirt a imríonn imircigh agus na spóirt sin a thabhairt isteach sa cheantar | Méadú ar rannpháirtíocht na n-imirceach i spóirt | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma, Liatroim Sláintiúil |
| 3.11 | Lá na hAfraice a chur chun cinn agus a cheiliúradh i gContae Liatroma trí imeachtaí a bhaineann le bia, ceol agus cultúr | Imeacht idirchultúrtha reáchtáilte | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | Comhairle Chontae Liatroma (an tIonad Pobail) Liatroim Sláintiúil |
| 3.12 | Rannpháirtíocht imircigh a chur chun cinn ar Fhóram Daoine Breacaosta Liatroma le tuairimí na n-imirceach a lorg chun réitigh agus tionscadail iomchuimsithe a mholadh a chothaíonn | Dúshláin a thagann chun cinn orthu a aithint | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | Aoisbhá Liatroma |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | imeascadh agus a nascann le straitéis áitiúil a thacaíonn le Daoine Breacaosta | | | | |
| 3.13 | Ionadaíocht imircigh a chuimsiú sa Chomhchoiste Póilíneachta (CP) | Méadú ar ionadaíocht imircigh i struchtúir chinnteoireachta | 2023 ar aghaidh | Comhairle Chontae Liatroma | CP Liatroma |

| **SPRIOC 4: Feabhas a chur ar rochtain ar rochtain agus ar infhaighteacht deiseanna Oideachais agus Oiliúna d'Imircigh agus feasacht agus tuiscint ar éagsúlacht chultúrtha in Earnáil an Oideachais a mhéadú** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh na Ghnímh.** | **Gníomh** | **Toradh (torthaí) a bhfuiltear ag súil leis (leo)** | **Achar ama** | **Príomhghníomhaireacht(aí) féideartha** | **Gníomhaireacht(aí) comhpháirtíochta féideartha** |
| 4.1 | Réitigh iompair d'imircigh atá ar lorg rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna a aithint. | Méadú ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint. | 2023 ar aghaidh | Comhlacht Forbartha Liatroma | Nasc áitiúil Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Contae Liatroma |
| 4.2 | Clár frithchiníochais do scoileanna a sholáthar in aghaidh na bliana | 1 chlár reáchtáilte in aghaidh na bliana | 2024 ar aghaidh | BOO MESL | Scoileanna & CFL |

| **SPRIOC 5: Bacainní a bhaint agus rochtain ar Fhobairt Fostaíochta agus Gnó d'imircigh a fheabhsú** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh na Ghnímh.** | **Gníomh** | **Toradh (torthaí) a bhfuiltear ag súil leis (leo)** | **Achar ama** | **Príomhghníomhaireacht(aí) féideartha** | **Gníomhaireacht(aí) comhpháirtíochta féideartha** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Spreagadh a thabhairt d'fhostóirí úsáid a bhaint as tacaíochtaí reatha an mhargaidh saothair atá ar fáil amhail Jobs Plus chun imircigh a fhostú agus ráta rannpháirtíochta imirceach ar scéimeanna amhail CE/Solas agus TUS a mhéadú. | Laghdú ar ráta dífhostaíochta sa phobal imirceach | Le tosú in 2023 | An Roinn Coimirce Sóisialaí. | Comhlacht Forbartha Liatroma, Oifig Fiontair Áitiúil (OFA), BOOMESL |
| 5.2 | Deiseanna athoiliúna agus scileanna a ghnóthú a sholáthar d'imircigh trí eolas agus rochtain ar roghanna oiliúna a chur ar fáil. | Méadú ar rollú agus ar chur i gcrích thraenáil i gcomhar fostaíochta d'imircigh. | 2023 ar aghaidh | BOOMESL | CFL, OFA |
| 5.3 | Tacaíocht struchtúrtha a sholáthar d'imircigh oilte chun a gcáilíochtaí gairmiúla a aistriú/a dhlisteanú in Éirinn. E.g. Dochtúirí, múinteoirí etc. | Cuireadh ar chumas ihmircigh oilte páirt iomlán a ghlacadh sa lucht saothair. | 2023 ar aghaidh | BOOMESL | |
| 5.4 | Iniúchadh scileanna a dhéanamh ar riachtanais fostóirí le riachtanais athoiliúna a aithint chun freastal ar éilimh an mhargaidh | Iniúchadh scileanna curtha i gcrích chun comhoiriúnú le scileanna na n-imirceach | 2024 | OFA/ BOOMESL | LDC |
| 5.5 | Deiseanna a fhiosrú d'imircigh chun fostaíocht a aimsiú trí úsáid a bhaint as scéimeanna lena n-áirítear Clár Sochrúcháin Taithí Oibre(CSTO) | Méadú ar líon na n-imirceach a chláraíonn ar CSTO | 2023 ar aghaidh | RCS | Fostóirí, CFL & BOOMESL |